

Riachtanais Speisialta Oideachais san Iarbhunscolaíocht	Grúpa Forbartha Cruinniú 17, 16 Deireadh Fómhair, 2024. Cur Síos Gairid
Mír ar an gClár	Nótaí
Miontuairiscí	Moladh agus comhaontaíodh ar na miontuairiscí.
Nuashonrú ar Chláir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí	Tugadh nuashonrú don mheitheal ar an líonra scoileanna a bheidh ag tacú le forbairt chláir foghlama L1 agus L2 na Sraithe Sinsearaí. Chomh maith leis sin, thug ionadaí Oide nuashonrú ar an bhfoghlaim ghairmiúil a chuirfear ar fáil i dtaca leis na cláir seo.
Clár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí sa Drámaíocht	Tugadh forléargas ar CFL2SS sa Drámaíocht agus, i ndiaidh plé, chomhaontaigh an mheitheal forbartha (MF) ar an gclár foghlama seo a chur ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile laistigh de phróisis forbartha curaclaim CNCM.
Clár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí sa Litríocht	Tugadh forléargas ar CFL2SS sa Litríocht agus, i ndiaidh plé, chomhaontaigh an MF ar an gclár foghlama seo a chur ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile laistigh de phróisis forbartha curaclaim CNCM.
Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí sa Chorpoideachas	Rinne an MF athbhreithniú agus plé ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 sa Chorpoideachas. I ndiaidh plé, chomhaontaigh an MF ar na cláir foghlama seo a chur ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile laistigh de phróisis forbartha curaclaim CNCM, ag brath ar ionchur ó phearsanra a bhfuil saineolas acu ar sheachadadh an churaclaim Corpoideachais ag leibhéal 1 agus leibhéal 2.
Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí ar Aire a Thabhairt do Mo Thimpeallacht	Rinne an MF athbhreithniú agus plé ar chláir foghlama Aire a Thabhairt do Mo Thimpeallacht Leibhéal 1 agus Leibhéal 2. I ndiaidh plé, chomhaontaigh an MF ar na cláir foghlama seo a chur ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile laistigh de phróisis forbartha curaclaim CNCM, ag brath ar ionchur ó phearsanra a bhfuil saineolas acu ar sheachadadh na gclár seo ag Leibhéal 1.
Aonad Tosaíochta Foghlama na Sraithe Sóisearaí ar Scileanna Saoil	Rinne an MF athbhreithniú ar an ATF agus chomhaontaigh siad ar theideal oibre Scileanna Saoil. Bailíodh aiseolas ón MF, a ndéanfaidh an feidhmeannas athbhreithniú air agus cuirfear dréacht nua i láthair ag an gcéad chruinniú eile.
Na Chéad Chéimeanna Eile	Ghabh an Cathaoirleach buíochas le baill na Meithle Forbartha as a gcuid rannpháirtíochta agus thug sé aitheantas don obair shuntasach atá déanta ag an MF go dtí seo. An Chéad Chruinniú Eile: 14 Samhain 2024